An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

# OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN SINSEARACH - SEIRBHÍSÍ NA N-ÚDARÁS ÁITIÚIL

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fís na Gníomhaireachta córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn. Déanann sí sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun seachadadh réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Tá obair na Gníomhaireachta chun tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sheachadadh do chách frámaithe faoi thrí théama leathana:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- An bhearna idir éileamh agus soláthar maidir le tithíocht a líonadh; agus
- Toilleadh a fhorbairt maidir le tithíocht.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú AHB
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna Deontais um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh Iasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta

- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh eolais faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

Tá an Ghníomhaireacht Tithíocht ag iarraidh an folúntas d'Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach a líonadh – Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil.

## Freagrachtaí an Róil

- A bheith freagracht as bainistiú Rannóg Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil le roinnt fo-alt.
- Cuidiú le DHLGH maidir le forbairt pholasaí/reachtaíocht na Tithíochta Sóisialta.
- Cuidiú leis an Stiúrthóir Seirbhísí agus Cuimsiú maidir le cuspóirí na Gníomhaireachta Tithíochta a bhaint amach.
- Cúnamh a chur ar fáil don DHLGH i gcur i bhfeidhm Bheartas Tithíochta Sóisialta lena n-áirítear doiciméid treorach, doiciméid teimpléid, agus araile.
- Comhairle agus cúnamh a chuir ar fáil maidir le cúrsaí tithíochta, go háirithe d’Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- Oiliúint a eagrú agus a sholáthar ar chúrsaí tithíochta agus airgeadais ar leith.
- Faisnéis maidir le tithíocht a sholáthar don phobal i gcoitinne.
- D’fhéadfadh go n-áireofaí ar réimsí eile freagrachta amhail bainistíocht agus anailís ar shonraí, ullmhú na mbuiséad bliantúil, faireachán agus cuidiú le rialú a dhéanamh ar bhuiséad na rannóige, feidhmiú céimneach tionscnamh corparáideach (amhail cúram custaiméirí, beartais nua, agus araile); agus
- Feidhmeanna sainiúla eile a chur chun feidhme de réir mar a éilíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta ó am go ham

## Oideachas agus Taithí:

- Cáilíocht tríú leibhéal aitheanta (ar leibhéal 8 ar a laghad) i ndisciplín ábhartha nó taithí chúig bliana ar a laghad ar leibhéal bainistíochta sinsearaí, nó an dá rud araon.

Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Céim onóracha (NFQ Leibhéal 8) , de rogha sna hábhair a leanas: eacnamaíocht, gnó, eolaíochtaí sóisialta, forbairt beartas, dlí, airgeadas, bainistíocht nó disciplín eile a bhaineann go dlúth leo sin.
- Taithí ábhartha 5 bliana ar a laghad i ról cosúil
- Saineolas ar mheasúnú agus ar anailís ar thionchar agus é/í muiníneach le modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla araon chun taighde láidir ardtionchair a sholáthar
- Taithí ar mheasúnú ar chláir agus ar thionscadail agus ar bhearta iomchuí maidir le tionchar agus eispéireas cliaint

- Eolas agus taithí ar bhainistíocht ar athruithe / athruithe ar chórais
- Taithí ar oibriú i dtimpeallacht bheartais, agus forbairt beartais á treorú nó á tacú
- An cumas coincheapa agus dúshláin chasta a thuiscint, chun ceisteanna straitéiseacha a fhrámú, agus chun moltaí a fhorbairt
- Cumarsáidí láidir, agus an cumas aige/aici aschuir tionscadail agus sonraí a phlé le páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha
- Duine thar a bheith uimheartha ag a bhfuil scileanna anailísithe láidre, agus an cumas tuarascálacha ag a bhfuil tionchar a tháirgeadh
- Scileanna sármhaithe eagrúcháin agus bainistíochta tionscadail, agus an cumas chun torthaí a sholáthar roimh spriocdhátaí rialta do spriocluchtanna iolracha

## Tréithe Inmhianaithe:

Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir idéalach freisin:

- Tuiscint ar an timpeallacht reatha um beartas poiblí laistigh den earnáil Tithíochta ar fud na hÉireann, ar phríomhshaincheisteanna tithíochta agus ar an dóigh a bhféadfadh siad dul i bhfeidhm ar obair na Gníomhaireachta
- Taithí ar mheasúnuithe eacnamaíocha agus ar anailísí ar luach ar airgead a chur chun feidhme
- An tiomantas don fhoghlaim agus don oiliúint phearsanta agus oscailteacht maidir le haiseolas.

*Nóta: Tá na feidhmeanna agus na freagrachtaí atá sannta don phost seo bunaithe ar an ról reatha atá luaite agus d'fhéadfadh siad athrú ó am go ham. Beidh an tsolúbthacht de dhíth ar an duine a cheapfar chun róil agus freagrachtaí eile a chomhlíonadh ar leibhéal cosúil laistigh den Ghníomhaireacht.*

## Inniúlachtaí

**Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar**

- Glacann sé/sí le freagracht as tascanna dúshlánacha agus cuireann sé/sí iad i gcrích in am agus ar ardchaighdeán
- Déanann sé/sí obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar thábhacht, ar amscálaí agus ar shrianta eile ar acmhainní, agus tosaíochtaí á n-athbhreithniú aige/aici i bhfianaise cúinsí athraitheacha
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís éifeachtúil do chustaiméirí ag croílár obair an aonaid
- Breathnaíonn sé/sí go criticiúil ar shaincheisteanna le féachaint conas rudaí a dhéanamh ar bhonn níos fearr

- Tá sé/sí oscailte maidir le smaointí agus tionscnaimh nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtúla, ardluacha a sholáthar
- Bainistíonn sé/sí tionscadail iolracha go héifeachtach
- Dírithe ar réitigh agus caidrimh á gcoimeád agus comhaontú á thacú

**Caidrimh & Cumarsáid a Fhorbairt**

- Spreagann sé/sí plé oscailte agus cruthaitheach maidir le saincheisteanna oibre
- Cuireann sé/sí obair foirne chun cinn laistigh den rannóg, ach oibríonn sé/sí go héifeachtach ar thionscadail ar fud na Ranna/na Rannóg
- Coimeádann sé/sí guaim agus féinsmacht agus é/í ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile
- Cothaíonn sé/sí béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin
- Scileanna cumarsáide éifeachtacha ó bhéal, mar aon le cumas chun faisnéis chasta a chur ar fáil go soiléir, go gonta agus go muiníneach. Scileanna cumarsáide scríofa den scoth lena n-áirítear scileanna láidre maidir le scríobh tuarascálacha.
- Forbraíonn se/sí agus coimeádann sé/sí líonra de theagmhálacha chun fadhbréiteach nó comhroinnt faisnéise a éascú
- Téann sé/sí i dteagmháil go héifeachtach le raon de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill an phobail, Comhghleacaithe sa tSeirbhís Phoiblí agus an córas polaitiúil

**Treallús agus Tiomantas**

- Déanann sé/sí a dhícheall/dícheall i gcónaí chun feidhmiú ar ardleibhéal
- Taispeánann sé/sí tiomantas pearsanta, agus diongbháilteacht agus dianseasmhacht á gcoimeád aige/aici
- Tá sé/sí iontaofa agus macánta go pearsanta, agus gealltanais agus tiomantais á gcomhlíonadh aige/aici
- Cinntíonn sé/sí go mbíonn an saoránach ag croílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil
- Tá sé/sí acmhainneach, agus coimeádann sé/sí guaim fiú i gcásanna diúltacha nó dúshlánacha
- Cuireann sé/sí cultúr chun cinn ina gcothaítear na caighdeáin eitice agus macántachta is airde

**Eolas Speisialta, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Forbraíonn agus cothaíonn eolas agus saineolas maidir le tithíocht a leagann béim ar leith ar thithíocht shóisialta, cuimsiú sóisialta agus próisis agus nósanna imeachta na n-údarás áitiúil
- Coinníonn sé nó sí cothrom le dáta le príomhbheartais ranna, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mbíonn tionchar acu ar an ról
- Coimeádann sé/sí fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna chun fáis.

An Ghníomhaireacht Tithíochta
The Housing Agency

### Scála Tuarastail - Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Scálaí LA.

€74,236 – €74,899 – €77,810 – €80,742 – €83,697 – €86,584 – €89,508
LSI 1 €92,825
LSI 2 €98,109

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

### Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar oscailt do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith ina saoránaigh a leanas:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
e) Duine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dó/di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
f) Saoránach neamh-AE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis, agus atá ina gcónaí ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**An dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil - Déardaoin, 11 Bealtaine 2023 ar 12.00 meán lae**

## Nós Imeachta an Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú, ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- Ba cheart iarratais a chlóscríobh agus a chur isteach i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie

- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinsí ar bith tar éis an dáta dheiridh.
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.
- Ní mór gach faisnéis a chuireann tú ar fáil a bheith ar an bhfoirm iarratais fhoirmiúil. Níor cheart faisnéis bhreise amhail do CV, teistiméireachtaí, agus teastais a chur i gceangal leis an bhfoirm iarratais seo,

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d’fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.